Oibreimid leis an tionscal, amach anseo, ar mhaithe leis na fachtóirí go léir a 'chuidíonn' agus a 'mheallann' an gnó sin a chuideoidh le fás na hearnála. Beimid ag feidhmiú chun 'cuidiú' leo líon níos mó turasóirí a thabhairt chun na tíre trí chláir sainoiriúnaithe a chuideoidh le gnóthaí díolacháin thar lear a thabhairt chun críche. Beidh Fáilte Ireland ag feidhmiú ar feadh na bliana leis an méid is féidir a chur leis na fachtóirí 'meallta' riachtanacha – le cur le taitneamhacht iomlán a bhaint as an méid atá le feiceáil agus le déanamh sa tír seo – lena chinntiú go gcuirfear ardú ar líon na dturasóirí atá tuillte go maith ag táirge na turasóireachta sa tír seo.

Thar ceann an Údaráis, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Shaun Quinn agus a fhoireann ar fad i Fáilte Ireland mar gheall ar a dtiomantas agus a ngairmiúlacht i dtacú le tionscal na turasóireachta le linn na bliana 2010.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis an iar-Aire Turasóireachta, Cultúir agus Spóirt, Mary Hanafin, Uasal, as ucht na tacaíochta a thug sí don earnáil turasóireachta le linn a tréimhse ina hAire Turasóireachta i 2010. Ba mhaith liom gach rath a ghuí ar an Aire a ceapadh le déanaí, an tUas Leo Varadkar TD, agus ar an Aire Stáit, Michael Ring, TD lena gcúram turasóireachta - táimid ag tnúth le bheith ag obair go dlúth leo.

Tá luach níos mó á chur ar an turasóireacht le blianta beaga anuas mar ghné thábhachtach sa gheilleagar. Tá os cionn 180,000 post agus os cionn €5 billiún á ghiniúint ag an tionscal seo in ioncam agus mar sin, creidim gur sócmhainn náisiúnta ríthábhachtach atá ann. Tá ról lárnach ag an turasóireacht in athnuachan eacnamaíoch na tíre seo agus leanfaidh Fáilte Ireland leis an gcás sin a bhrú chun cinn sna blianta atá romhainn.



**Redmond O'Donoghue**  
**Cathaoirleach**



## Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh 2010



Shaun Quinn, Príomhfheidhmeannach

### FEIDHMÍOCHT TURASÓIREACHTA

Bhí na blianta seo caite ar na blianta ba dheacra agus ba dhúshlánaí don Turasóireacht in Éirinn le glúin anuas. Tá titim tagtha ar fheidhmíocht na turasóireachta in Éirinn le linn gach bliain de na trí bliana ó 2007 mar thoradh ar drochchoinníollacha eacnamaíochta sna príomhmhargáí idirnáisiúnta agus an cúlú géar in eacnamaíocht na hÉireann – tar éis tréimhse sé bliana roimhe sin inar tharla fás leanúnach, suntasach.

Thug an cúlú sa turasóireacht athrú mór chun cinn freisin i straitéis agus in oibríochtaí Fáilte Éireann lena chinntiú go leanfaidh an eagraíocht le bheith ábhartha go hiomlán i ndáil le riachtanais fiontair thurasóireachta, agus tá deacracht trádála agus oibríochta ag an gcuid is mó acu sin ar bhonn leanúnach.

Meastar gurbh ionann agus 5.9m an líon turasóirí ó thar lear don bhliain 2010 – 11% níos lú ná 2009. Thit tuillimh mhalartaithe eachtracha 12% freisin sa bhliain 2010 go dtí iomlán de €3.4 billiún ar feadh na bliana sin.

Laistigh de threocht fhoriomlán na géarchéime, tháinig titim shuntasach 11% ar líon na dturasóirí ón mBreatain mar gheall ar éileamh lag an sterling in aghaidh an euro, agus tháinig titim beagnach 15% ar líon na dturasóirí ó Mhórtír na hEorpa; chláraigh na margáí móra Eorpacha ar fad titim dédhigiteach. Bhí an scéala ó na margáí i bhfad ó bhaile chomh dúshlánach céanna, cé nach raibh an titim chomh géar. Tháinig titim go dtí 4% ar thurasóirí ó Mheiriceá

Thuaidh agus tháinig titim réasúnta beag 5% ar mhargáí eile i bhfad ó bhaile.

Tháinig titim bheag sa bhliain 2009 ar an líon turas baile a thóg daoine a chónaíonn in Éirinn i gcomparáid le 2009 ag 8 milliún turas, tháinig titim de 10% go €1.3 billiún ar chaiteachas rud a léiríonn cúngú ioncaim inchaite san eacnamaíocht.

In éagmais na figiúirí oifigiúla le haghaidh laethanta saoire baile, le fios go bhféadfadh foinsí sonraí tanaisteacha ar líon na dturas saoire a bheith cosúil le 2009, tar éis cur isteach ar phatrúin taistil de bharr Luaitreamhán Bolcánach na hÍoslainne.

Mar sin féin, bhí sástacht custaiméirí le táirge turasóireachta na hÉireann fós ard le linn na tréimhse dúshlánaigh sin. Bhí líon na gcuartheoirí a dúirt go molfadh siad go cinnte saoire a chaitheamh in Éirinn an-ard agus sroich sé sin buaicphointe de 88% in 2010, an leibhéal ab airde le cúig bliana anuas.

Chomh maith leis sin, bhí súil ag cuairteoir as gach cúigear (23%) ó thar lear a theacht ar ais laistigh den chéad bhliain eile agus shamhlaigh os cionn leath de na cuairteoirí ar fad (52%) go dtabharfadh siad cuairt eile sna blianta beaga atá amach romhainn. I gcás 95% den lucht saoire ó thar lear, bhí saoire in Éirinn níos fearr nó chomh maith agus a cheapadar a bheadh sí agus dúirt 98% go molfadís saoire in Éirinn dá muintir agus dá gcairde. I measc lucht saoire ag baile, bhain na leibhéil sástachta foriomlán 96% amach freisin.

## AG TACÚ LE FIONTAIR THURASÓIREACHTA IOMAÍOCH

Chiallaigh na droch-choinníollacha trádála a bhí ann le linn séasúr turasóireachta na bliana 2009 go raibh ar Fáilte Ireland méadú suntasach a dhéanamh ar a gcuid infheistíochta chun tacaíochtaí praiticiúla gnó a sholáthar d'fhiontair thurasóireachta aonair a raibh deacrachtaí acu. Faoi dheireadh na bliana bhí tacaíocht sainoiriúnaithe curtha ar fáil do bheagán níos lú ná 3,000 *fiontar thurasóireachta*. Chuimsigh an réimse seirbhísí a cuireadh ar fáil, athstruchtúru airgeadais, meantóireacht gnó, feabhsú táirgiúlachta, díolachán agus margáíocht ríomhthráchtáil agus cúram custaiméirí.

Leis an athrú sin ar fhócas a éascú, thug Fáilte Ireland athstruchtúru mór inmheánach ar a gcuid oibríochtaí réigiúnacha chun críche agus chomhlánaigh siad é trí oiliúint agus forbairt a dhéanamh ar fhoireann feidhmiúcháin ar fud na tíre a bheadh ag idirghníomhú le cliaint tionscail.

Bhí éileamh láidir ar idirghabhálacha oiliúna le cur le táirgiúlacht laistigh de ghnóthaí aonair de réir mar a bhí oibrítheoirí ag streachailt chun fiontair a reáchtáil ar bhonn inmharthana le níos lú foirne. Ar an iomlán, chuir Fáilte Ireland tacaíocht dhíreach oiliúna agus forbartha ar fáil do thart ar 5,000 *fostaí ón tionscal* ar an láthair, san áit oibre, nó ag ceann de na hionaid oiliúna réigiúnacha. Bhí éileamh ón tionscail chomh hard sin gur athraigh Fáilte Éireann an bhéim ó oiliúint a chur ar fáil d'iontrálaithe nua chuig cuidiú le poist atá ann cheana a chothú.

Ní aon ionadh mar sin, go bhfuil dlús curtha ag an tionchar atá ag an ríomhthráchtáil ar thaisteal agus ar thurasóireacht leis an éileamh láidir ar thacaíocht forbartha fiontar sa réimse sin. Rinneadh seachadadh sa bhliain 2010 ar réimse tacaíochtaí gréasán agus meáin shóisialta trínár *dtionscnamh Ríomhghnó* chun cuidiú le comhaltaí an tionscail a n-acmhainní tráchtála a fhorbairt trí láithreach ar líne éifeachtach. D'oibrigh Fáilte Ireland le 760 *gnó agus 2,250 feidhmeannach* le

hathbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmiúlacht a gcuid láithreacháin ghréasáin agus iad a fheabhsú trí Web Check agus Web Check Plus. Chomh maith leis sin, *cuireadh 70 clár oiliúna gréasán* ar fáil le scileanna 1,200 bainisteoir a thabhairt cothrom le dáta agus iad a fhorbairt i ndáil le forbairt agus feidhmiú gréasáin agus tugadh cúnamh do 45 *gnó* ag an gcéim thosaithe trí fhorbairt a dhéanamh ar láithreacháin gréasáin dá gcuid fiontar.

Tháinig éileamh níos mó freisin sa bhliain 2010 ar na *seirbhísí meantóireachta* a chuireann Fáilte Ireland ar fáil. Is ar thacaíocht margáíochta agus ar ríomh-mhargáíocht ar an láthair is mó a bhí éileamh. Rinne painéal de os cionn 50 *meantóir* seachadadh ar 500 *idirghabháil* ar an iomlán do 440 *gnó*. Chomh maith leis sin, ghlac thart ar 1,350 *feidhmeannach tionscail* páirt inár gclár ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach. Bhí sé sin beagnach faoi dhó níos mó ná an leibhéal a taifeadadh sa bhliain 2009 agus san áireamh ansin 24 *rannpháirtí bainistíochta sinsearaí* a cháiligh ó *Chlár Bainistíochta Feidhmiúcháin* Fáilte Ireland / Ollscoil Cornell agus bronnadh teastas orthu i "Strategic Hospitality Management" a bhí creidiúnaithe ag Ollscoil Cornell. Chomh maith leis sin, cháiligh 40 *bainisteoir sinsearach ó óstáin* sa chlár Marketing Management in Action i mí Bealtaine a seachadadh i gcomhar le Boston College, Massachusetts.

Bhí os cionn 220 *gnó* rannpháirteach sa tionscnamh "*Éire a Dhíol Thar Lear*" a bhí ag díriú ar chuidiú le gnóthaí turasóireachta cur lena bhfócas idirnáisiúnta agus tuilleadh gnó a mhealladh ó phríomhmhargáí thar lear, go háirithe an Ríocht Aontaithe, Stáit Aontaithe Mheiriceá, an Ghearmáin agus an Fhrainc.

## FORBAIRT MHARGAIDH

### *Ag Spreagadh Éileamh Baile*

Rinne Fáilte Ireland infheistíocht mhór arís chun an margadh saoire baile a chur chun cinn agus a fhorbairt mar thoradh díreach ar an laige leanúnach sna príomhmhargáí thar lear. Léirigh an taighde leibhéil níos mó suime i measc mhuintir na hÉireann saoire a chaitheamh ag baile mar gheall ar na coinníollacha





eacnamaíochta atá againn i láthair na huaire. Mar fhreagra air sin, threisigh Fáilte Ireland a gcuid iarrachtaí le feachtas margaíochta il-mhéain lánpháirtithe Discover Ireland, agus dhírigh ar na meáin náisiúnta agus réigiúnacha, raidió agus teilifís agus ar líne. Rinneadh infheistíocht €4 mhilliún ar an iomlán san fheachtas agus bhí an t-aiseolas ón tionscal dearfach maidir lena thionchar foriomlán ar fheidhmíocht gnó.

Cuireadh leis na hiarrachtaí margaíochta sin arís trí chur i bhfeidhm chlár féilte agus imeachtaí cultúrtha den scoth a bhí tarraingteach agus chuir sé sin le tarraingteacht go leor de na cinn scríbe ar fud na hÉireann. Lean Fáilte Ireland, mar mhór-urraitheoir, le hinfeistíocht mhór a dhéanamh i *bhféilte agus in imeachtaí cultúrtha* ar feadh na bliana 2010. Tugadh €3.8m do 228 féile ar feadh na bliana. Thacaigh an clár náisiúnta le *39 féile* le hinfeistíocht de €2.7m agus chruthaigh sé sin caiteachas díreach de €29.9 milliún d'eacnamaíochtaí áitiúla. Ríomh taighde a rinneadh sa bhliain 2010 gurbh ionann comhluch iomlán na gníomhaíochta eacnamaíochta a tháinig ó fhéilte in Éirinn agus *€448 milliún* don bhliain.

*Ag Baint amach Turasóireacht Gnó Idirnáisiúnta d'Éirinn*  
Lean Fáilte Ireland, mar eagraíocht atá freagrach as turasóireacht gnó in Éirinn, le hinfeistíocht mhór a dhéanamh chun tuilleadh comhdhálacha agus cruinnithe idirnáisiúnta a aithint, a mhealladh agus dhaingniú lena réachtáil in Éirinn. Thacaíomar le *168 comhdháil idirnáisiúnta*, le linn na bliana 2008, arbh ionann iad agus os cionn *83,000 toscaire* ó thar lear go hÉirinn agus bhí ioncam de thart ar *€125 milliún* mar thoradh air sin d'eacnamaíocht na hÉireann.

Chuir Fáilte Ireland *93 ambasadóir comhdhála* i láthair an Bhiúró Comhdhála, cuireann na ambasadóirí sin Éirinn chun cinn thar lear mar ionad gnó. I dtéarmaí giniúna gnó, is ionann an cumas atá ag na ambasadóirí sin agus *72,000 toscaire le hioncam iomlán de €108m*.

Osclaíodh Ionad Comhdhála Baile Átha Cliath go hoifigiúil i Meán Fómhair agus réitigh sé an bealach d'fhás leanúnach, suntasach na turasóireachta gnó in Éirinn. Ag teacht leis an oscailt, d'fháiltigh Fáilte Ireland roimh *120 ceannaitheoir turasóireachta gnó idirnáisiúnta a bhfuil cáil mhór orthu*, ag imeacht líonraithe turasóireachta gnó, "Buail le Chéile in Éirinn". Ar an iomlán, dealraíonn sé go n-éireoidh go maith leis an earnáil turasóireachta sin. Tá an t-éileamh i bpríomh-mhargáí ag teacht chuige féin agus tá Éirinn i riocht maith i dtéarmaí infrastruchtúr tacaíochta, agus tá iomaíochas ag feabhsú.

#### *Ag tacú le hEarnáil Caitheamh Aimsire Nádúrtha na Tíre seo*

Tá sé mar phríomhthosaíocht ag Fáilte Ireland anois a chinntiú go bhfuil gnóthaí turasóireachta aonair i riocht maith le sciar níos mó de mhargáí turasóireachta idirnáisiúnta a bhaint amach. Cé gur ar Tourism Ireland Ltd, ár gcomhghníomhaireacht, atá an fhreagracht ár bpríomh-mhargáí foinse a fhorbairt, is ar Fáilte Ireland atá an fhreagracht cabhrú le hoibreoírí turasóireachta 'an margadh a dhéanamh'.

Le linn na bliana 2010, rinne Fáilte Ireland comhordú ar chlár de sheacht gceardlann trádála den chineál 'buail leis an gceannaitheoir'. Ar an iomlán, bhí thart ar *923 gnó turasóireachta Éireannach* rannpháirteach sna ceardlanna sin le bualadh le agus le gnó a thabhairt chun críche le *480 príomhionadaí ón trádáil taistil idirnáisiúnta*. Sholáthair na himeachtaí sin, *25,000 deis cruinnithe réamhshocraithe*, ar an iomlán, do na gnóthaí Éireannacha a bhí rannpháirteach iontu.

Tá réachtáil agus eagrú na socruithe do mheáin idirnáisiúnta le linn dóibh a bheith ag tabhairt cuairte ar Éirinn le próifíl a thabhairt do lucht féachana idirnáisiúnta ar an tír mar cheann scríbe turasóireachta mar ghníomhaíocht atá fós tábhachtach ach gníomhaíocht a ndéantar neamhaird di go minic. Mar cheann scríbe atá beag, le



deacrachtaí eacnamaíochta, níl aon teorainn leis an méid a chuireann an ghníomhaíocht sin lenar n-iarrachtaí foriomlána chun ceann scríbe margaíochta a fhorbairt ar bheagán costas incriminteach. Chuireamar fáilte, sa bhliain 2010, roimh os cionn *1,300 iriseoir ó 22 spriocmhargadh thar lear*. Áiríodh orthu sin iriseoirí ón teilifís, raidió, nuachtáin, irisí agus meáin ar líne. Bhí os cionn *5,000 mór-chraolachán agus foilseacháin* mar thoradh ar na turais sin, le luach fógraíochta measta de os cionn €200m.

D'oibrigh Fáilte Ireland freisin le hIarnród Éireann agus le Tourism Ireland sa bhliain 2010, le scéim dreasachta a thabhairt isteach agus a chur i bhfeidhm le taisteal saor in aisce a chur ar fáil do thurasóirí idirnáisiúnta níos sine. Bhí an-tóir ar an *Scéim 'Golden Trekker'* le linn na chéad bhliana agus eisíodh thart ar *15,000 ticéad* idir Márta agus mí na Nollag.

#### **AG FORBAIRT TÁIRGE NA TURASÓIREACHTA**

Braitheann fás na turasóireachta inbhuanaithe ar thaithí uathúil a thabharfadh blaiseadh iomlán don turasóir ar an gceantar. Tá ceann scríbe ar nós na hÉireann ag brath ar an smaoineamh sin, sé sin taithí uathúil speisialta a chur ar fáil i gcomparáid le fachtóirí eile níos cineálaí a bhaineann le planáil saoire ar nós saoire sa ghrian nó sneachta. Tá cur chun cinn agus tacaíocht a thabhairt do thaithí shaoire atá ar ardchaighdeán agus sainiúil lárnach chuige sin chun cinn scríbe turasóireachta tábhachtacha ar fud na tíre a chothabháil agus a láidriú. Tacóidh sin le líon cuairteoirí níos mó, méadú ar an achar a fhanar in áit agus le caiteachas níos airde agus tacóidh sé sin ar a sheal féin le gnóthaí brabúsacha, le fostaíocht agus le pobail bhríomhara.

Oibríonn líon foirne, laistigh de Fáilte Ireland, le gníomhaíochtaí, taitneamhachtaí agus imeachtaí turasóireachta, a fhorbairt agus tacú lena leathnú agus lena bhfeabhsú ar fud go leor earnálacha éagsúla de thionscal na turasóireachta. Is fiú a thabhairt ar aird nach mór dúinn fócas a choinneáil ar ghníomhaíochtaí, taitneamhachtaí agus ar imeachtaí mar phríomhthreallúis turasóireachta chun na hÉireann. Cé go bhfuil bia

agus cóiríocht chun tosaigh sa díospóireacht ar an turasóireacht de ghnáth, agus go bhfuil siad go deimhin, ina gcroí-chúiseanna le sástacht an turasóra, is annamh leo a bheith ina bpríomhthreallúis maidir le cinneadh tomhaltóirí cuairt a thabhairt ar Éirinn. Tá sé i bhfad níos dóchúlú go ndéanfaí an cinneadh faoi thionchar "gníomhaíochtaí le déanamh agus rudaí le feiceáil" atá cuimsithe de chuid is mó i ngrúpáil gníomhaíochtaí, taitneamhachtaí agus imeachtaí. Mar sin, tá sé sin fós mar phríomhfhócas an chláir forbartha táirge.

Rinneadh dul chun cinn mór le linn na bliana 2010 maidir le Straitéis Forbartha Táirge Fáilte Ireland a chur i bhfeidhm, agus tá an Clár Infheistíochta Caipitil Turasóireachta le sonrú go láidir laistigh de Chlár Caipitil Phoiblí athbhreithnithe an Rialtais do 2010-2016, a foilsíodh ag deireadh mí Iúil. Ceadaíodh *23 tionscadal* ar an iomlán sa bhliain 2010 agus thart ar €37m i gcúnamh deontais.

Agus na tionscadail sin á roghnú, bíonn Fáilte Ireland airdeallach an méid is féidir a chur le tionchar eacnamaíochta na sócmhainní turasóireachta atá i bpáirteanna áirithe den tír. Sampla de sin i dtéarmaí forbartha táirge, go mbreithnítear go bhfuil láidreachtaí áirithe ag iarthar na tíre maidir le tírdhreach agus radharc tíre, siúl & rothaíocht, eachtraíocht éadrom agus ceol agus cultúr traidisiúnta. Breithnítear go bhfuil láidreachtaí áirithe in oirthear agus in oirdheisceart na tíre ó thaobh na staire agus na hoidhreachta, tithe agus gairdíní agus níos ginearálta, oidhreacht thógtha. Ní bhíonn na tuairimí sin lánchinnte riamh, ach i dtéarmaí gaolmhara tá bailíocht áirithe ag baint leo. Mar sin i gcleachtas infheistíochta, bhí sé sin soiléir sa bhliain 2010 mar gheall ar an mbéim ar thionscadail ar nós Sliabh Liag, Glasbhealach Mór an Iarthair, Éicea-Pháirc Ghleann na Laoi, agus Carn Uí Néid san iarthar, agus tionscadail ar nós oidhreacht Ghleann na Bóinne, Triantán na Lochlannach, Baile Oidhreachta Chaladh na Carraige, agus Teach agus Gairdíní Bhaile an Chaisleáin san oirthear.





Is díol suntais freisin go bhfuil gné áirithe de “leas an phobail” ag baint le tionscadail den sórt sin. De ghnáth, ní mar fhiontair ghnó a ghineann brabús atá tacaíocht á fháil ag na fiontair sin, (iontu féin agus astu féin), ach mar gur príomh-thaitneamhachtaí iad a tharraingíonn cuairteoirí chun an cheantair agus mar sin go ngineann siad gnóthachain eacnamaíocha a mbaineann gnóthaí eile sa cheantar leas astu. Ar go leor bealaí, is ionann na tionscadail sin agus infheistíocht in “infrastruchtúr turasóireachta” agus tá siad comhthreomhar le coincheapa atá níos aitheanta ar nós infheistíocht in “infrastruchtúr iompair”.

Leanadh le dul chun cinn sa bhliain 2010 ar fheidmiú an chláir náisiúnta do léirmhíniú agus comharthaíocht bhealaí siúil ar *100 baile stairiúil is mó aird*. Tá oibreacha *tugtha chun críche i 44* de na bailte sin, le mapaí cosán siúil is féidir a íoschóipeáil curtha ar fáil ar láithreán gréasán Discover Ireland. Chomh maith leis sin, cuireadh doiciméad treoirlíne ar fáil do bhalte stairiúla agus an bealach inar féidir leo an méid is féidir a chur lena gcumas turasóireachta.

#### FÁILTEACHAS AGUS CAIGHDEÁIN

Rinne Fáilte Ireland forbairt ar chreat Bia don Turasóireacht d’Éirinn sa bhliain 2010 atá faoi stiúir ag an bhfís go n-aithneoidh cuairteoirí Éire mar gheall ar fáil, ardchaighdeán agus luach ár dtaithí bia áitiúil agus réigiúnach a mhúsclaíonn ómós áite, cultúir agus fáilteachais uathúil.

Rinneadh forbairt ar scéimeanna nua rangaithe agus catagóirithe don earráil Leaba & Bricfeasta Theaghlaigh Éireannach chomh maith le straitéis agus branda nua. Chomh maith leis sin cuireadh scéim ceadaithe nua d’earráil an ghailf i bhfeidhm agus tá *60 cúrsa* ceadaithe go dtí seo.

Ghlac ar an iomlán *50 foras nua* páirt sa Chlár Optimus – clár cáilíochta seirbhíse Fáilte Ireland - agus bhain siad leas as raon idirghabhálacha forbartha lena n-áirítear ceardlanna meantóireachta, oiliúna agus caighdeáin.

Ar shraith eile atá tábhachtach i dtéarmaí tacaíochtaí fáilteachais tá an obair a dtugann Fáilte Ireland fúithi le tacú le scileanna agus le fostaíocht sa tionscal. Tugtar tacaíocht do raon leathan cláir oideachais agus oiliúna i ndeich Institiúid Teicneolaíochta ar fud na tíre. Cuireann na cláir sin oiliúint atá ábhartha don tionscal ar fáil i réimsí ar nós scileanna cócaireachta, seirbhís bhialainne, scileanna beáir, bainistiú oifig thosaigh agus bialainne. Rinne Fáilte Ireland infheistíocht de €4.3m sa bhliain 2010 i gcur le scileanna ábhartha turasóireachta do thart ar 1,920 mac léinn in earnáil na nInstitiúidí Teicneolaíochta.

#### POLASÁI AGUS AN TODHCHAÍ

Thug Fáilte Ireland faoi thionscadail taighde éagsúla agus faoi staidéir eile sa bhliain 2010 ar mhaithe le réasúnaíocht bunaithe ar eolas a chur ar fáil do phleanáil tionscnaimh turasóireachta sa todhchaí.

Tugadh faoi cheithre shraith den Suirbhé Tomhais Turasóireachta, ag tomhas tuairimí an tionscail i ndáil le feidhmíocht go dtí sin sa bhliain agus cad a bhí i ndán don tionscal amach anseo. Rinneadh tomhas leanúnach ar fheidhmíocht óstán agus earnálacha cóiríochta eile i rith na bliana freisin. Chomh maith leis an bpróifiliú leanúnach ar thurasóirí baile trí shuirbhéanna náisiúnta, rinneadh próifiliú ar chuireoirí ó thar lear freisin trí shuirbhéanna ag na príomhchalafoirt farraige agus aeir. Coimisiúnaíodh obair freisin chun monatóireacht a dhéanamh ar cé chomh héifeachtach is a bhí an feachtas fógraíochta saoire ag baile.

Rinne Fáilte Ireland seachadadh ar leor tionscadal an bhliain seo caite a bhí deartha le torthaí a bhí báil do turasóireacht a bhaint amach ar raon saincheisteanna. Áiríodh orthu sin:

- Bileog threorach agus anailís ar acmhainneacht iomarcach earráil na n-óstán.
- Forbairt modheolaíochtaí meastóireachta le hathbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht sna príomh-chinn scríbe turasóireachta



- Athbhreithniú ar thurasóireacht chultúir agus ar institiúidí cultúir in Éirinn
- Treoir do bhailte stairiúil maidir leis an mbealach leis an méid is féidir a chur lena gcumas turasóireachta.

D'oibríomar freisin ar thionscadail chomhoibríocha a bhí báil leis an turasóireacht le Cumann Bialanna na hÉireann, Cónaidhm na nÓstán Éireannach, an Cónaidhm Thionscal Turasóireachta na hÉireann agus raon féilte náisiúnta ar nós Fhéile Ealaíon na Gaillimhe agus Fleá Cheoil na hÉireann. Tugadh chun críche staidéar a bhí dírithe ar an todhchaí maidir le tionchar meántéarmach ar an tionscal ó thaobh forbairtí déimeagrafacha agus forbairtí sóisialta eile.

### TURASÓIREACHT AGUS AN TIMPEALLACHT

Lean Fáilte Ireland sa bhliain 2010 leis an timpeallacht nádúrtha agus tógtha a chur i gcoirlár polasaí agus cleachtas na turasóireachta inbhuanaithe. Ag comhlíonadh ár róil mar chomhlacht forordaithe faoi na hAchtanna Pleanála, rinne Fáilte Ireland aighneachtaí maidir leis na hocht gcinn de Threoirlínte Pleanála Náisiúnta, sé cinn de phleananna forbartha contae agus cathrach, 18 iarratas pleanála agus 41 Measúnachtaí Tionchair Timpeallachta faoi scópáil iarratas. I ngach ceann de na haighneachtaí seo, chuir Fáilte Ireland chun cinn cur chuige inbhuanaithe ó thaobh fhorbairt turasóireachta ina bhféachtar leis an tsócmhainn ar a mbraitheann an tionscal a chosaint.

Lean Aonad Timpeallachta Fáilte Ireland freisin ag cuidiú le gnóthaí turasóireachta aonair ó thaobh a gcuid iarrachtaí tomhaltas fuinnimh agus an méid uisce a úsáidtear araon a laghdú agus a gcuid dramhaíola a bhainistiú níos fearr. Foilsíodh treoirlínte timpeallachta don earnáil turasóireachta gnó agus do na hionaid eachaíochta, go háirithe, agus reáchtáil Fáilte Ireland clár píolótach i gCiarraí agus fuair *55 gnó turasóireachta* teastasú gnó agus foilsíodh Treoir Ghlas don Ring of Kerry mar thoradh air sin. Chomh maith leis sin, tugadh cothrom le dáta an treoir a choimre do


ghnóthaí turasóireachta chun a gcuid costais thimpeallachta a laghdú.

### CONCLÚID

Bhí cúlú géar i ndán don earnáil turasóireachta sa bhliain 2010 – a chiallaigh go ndeachaigh an tionscal siar go dtí leibhéal fheidhmíochta 2002. É sin ráite, táimid i bhfad níos iomaíche anois mar thionscal agus mar cheann scríbe mar gheall air sin. Chuir meascán d'iomaíocht ghéar idir gnóthaí turasóireachta i dtimpeallacht ina raibh éileamh lag le feabhsúchán suntasach sna rátálacha luach ar airgead thar an tréimhse chéanna mar a mheas cuairteoirí ó gach margadh.

Beidh an luas a dtiocfaidh feabhas ar líon na gcuariteoirí ó thar lear go hÉirinn faoi thionchar fhachtóirí eacnamaíochta i bpríomh-mhargadh fhoinsí na Breataine, na Stáit Aontaithe, na Gearmáine agus na Fraince. Seachas an Bhreatain, tá na comharthaí dearfach cheana féin. Tá muinín an tomhaltóra sna príomh-mhargáí ó thar lear ag dul i méid agus tá an turasóireacht sa tír seo ag tosú ag baint leasa as sin.

Tá an spéis atá ag daoine cuairt a thabhairt ar Éirinn ag dul i méid, tá an mheallacht fós láidir agus tá luach níos fearr ar airgead á thairiscint againn anois ná mar a bhí le blianta fada. É sin ráite, ní féidir linn talamh slán a dhéanamh de theacht as an gcúlú eacnamaíochta. Leanfaidh Fáilte Ireland ag obair go dlúth le gnóthaí turasóireachta lena chinntiú go bhfuil siad i ndea-riocht le leas iomlán a bhaint as aon fheabhas a chaithfidh a theacht ar an eacnamaíocht dhomhanda ó thaobh turasóireacht agus taisteal.



Shaun Quinn  
An Príomhfheidhmeannach







*Tá an spéis atá ag daoine cuairt a thabhairt ar Éirinn ag dul i méid, tá an mheallacht fós láidir agus tá luach níos fearr ar airgead á thairiscint againn anois ná mar a bhí le blianta fada.*



# Turasóireacht 2010 *An Bhliain i bhfigiúirí*

## ■ An Tionscail Turasóireachta agus Fáilteachais

Fostaíodh thart ar 180,000 duine Déanadh níos mó ná €4.7bn in ioncam a ghiniúintCuireadh fáilte roimh 5.9 milliún cuairteoir ó thar lear A chaith thart ar €2.7bn.

## ■ An Margadh Baile

Rinneadh thart ar 8 milliún turas baile Gineadh thart ar €1.3bn i gcaiteachas.

## ■ Rátaí Sástachta

Comhlíonadh nó sáraíodh an méid a bhí 95% de thurasóirí ó thar lear ag súil leis

Dúirt 88% de thurasóirí ó thar lear go molfadh siad Éirinn mar cheann scríbe saoire (an líon is mó le cúig bliana anuas)

Dúirt 98% de thurasóirí ó thar lear go molfadh siad Éirinn i gcomhair saoire

Bhí 96% de dhaoine a thógann saoire ag baile sásta leis an tsaoire/briseadh gearr a thóg siad le gairid.

## ■ Infheistíocht i bhforbairt turasóireachta

Fuair 23 tionscadal €37.7m i dtacaíocht deontais ó Fáilte Ireland.

## ■ Tacaíochtaí Gnó

Fuair 2,877 gnó turasóireachta oiliúint ó Fáilte Ireland i 2010

Chláraigh 1,744 gnó turasóireachta lenar dtionscnamh ríomhghnó. Ghlac 760 acu sin páirt inar gclár Web Check le feabhas a chur ar a bhfeidhmiúlacht gréasáin

Rinne Seirbhís Chomhairleach agus Meantóireacht Gnó speisialtachta de chuid Fáilte Ireland seachadadh ar 500 idirghabháil meantóireachta do 440 gnó

Chláraigh os cionn 700 gnó (2,200 rannpháirtí) d'Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach agus do na cláir Forbartha Bainistíochta sa bhliain 2010

Bhain 24 rannpháirtí teastas amach i Strategic Hospitality Management atá creidiúnaithe ag Ollscoil Cornell

Cháiligh 40 bainisteoir sinsearach óstáin sa Marketing Management in Action.



## ■ Turasóireacht Gnó

Thug 168 comhdháil idirnáisiúnta 83,000 toscaire ó thar lear go hÉirinn

B'fhiú €125m na comhdhálacha d'eacnamaíocht na hÉireann

Caitheann toscairí idirnáisiúnta níos mó ná sé lá ar an meán in Éirinn agus baineann níos mó ná duine as cúigear leas as an turas ar mhaithe le meascán gnó agus pléisiúr

Ríomhadh luach iomlán do gach aon toscaire a thagann go hÉirinn ag comhdháil idirnáisiúnta ag idir €1,300 - €1,500.

## ■ Féilte agus Imeachtaí

Leithdháileadh €3.8m ar 228 féile ar fud na hÉireann sa Bhliain 2010

Infheistíodh €2.9m de sin i 39 féile a chruthaigh thart ar €29.9m de chaiteachas díreach d'eacnamaíochtaí áitiúla

Ghin na féilte sin comhluach de €448m i ngníomhaíochtaí eacnamaíochta

Infheistíodh €3m inár dTionscnamh Turasóireachta Spóirt Idirnáisiúnta a d'aithin agus a thacaigh le naoi gcinn d'imeachtaí spóirt idirnáisiúnta.

## ■ Ag Cur na hÉireann Chun Cinn Mar Cheann Scríbe

Seoladh feachtas Discover Ireland - "The Fun Starts Here" arbh fhiú €4m é i 2010 le hÉirinn a chur chun mar cheann scríbe do thurasóirí baile

Scaipeadh beagnach 4 mhilliún cóip den bhróisiúr séasúrach Discover Ireland ar fud na hÉireann

Reáchtáladh os cionn 15,000 cruinniú gnó duine ar dhuine idir 100 ceannaitheoir ó thar lear agus 380 soláthraí Éireannach ag Meitheal 2010.





# Ráiteas Corparáideach

## Rialú Corparáideach

Tacaíonn Fáilte Ireland leis na caighdeáin is airde ó thaobh rialú corparáideach agus cleachtann sé iad agus cloítear go sonrach le prionsabail agus treoirlínte infheidhmithe atá sainmhínithe sa Chód Cleachtais do Rialú Comhlachtaí Stáit.

## Comhionannas


Is fostóir comhionannas deiseanna é Fáilte Ireland. Feidhmítear gach reachtaíocht comhionannais cuí san eagraíocht.

## Sábháilteacht, Sláinte agus Leas

Cosnaíodh folláine fostaithe agus oiliúnaithe na heagraíochta trí chloí go daingean le caighdeáin sláinte agus sábháilteachta. Tá an tÚdarás sásta go gcomhlíonann an chuideachta forálacha an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005.

## Saoráil Faisnéise

Sa tréimhse atá faoi athbhreithniú, fuair Fáilte Ireland 16 iarratas faoin reachtaíocht Saoráil Faisnéise.





## Gníomhaíocht Oiliúna 2009 agus 2010

	2009	2010
Clár Scileanna Fáilte Ireland	650	517
Cláir Bunaithe ar Thionscail	6,914	8,601
Cláir Bunaithe ar Choláiste	1,997	1,920
<b>Mór-iomlán</b>	<b>9,561</b>	<b>11,038</b>



## Comhaltaí an Údaráis 2010



Redmond O'Donoghue  
Cathaoirleach




Susan Bergin

Richard Bourke

Dr Mary Coveney

Oliver Daniels



Dominic Dillane

Kevin Dundon

Conor Hennigan

Marguerite Howley



Brian Hughes

John McDonnell

Catherine Reilly

Eithne Scott-Lennon

## Tinreamh na gComhaltaí ar Chruinnithe Údaráis 2010

Reáchtáil an tÚdarás ocht gcruinniú le linn na bliana 2010.


Comhalta	Iomlán	Comhalta	Iomlán
Redmond O'Donoghue	8	Conor Hennigan	8
Susan Bergin <sup>1</sup>	1	Marguerite Howley <sup>5</sup>	2
Dick Bourke	7	Brian Hughes	8
Maureen Cairnduff *	3	John McDonnell	7
Mary Coveney <sup>2</sup>	3	Noel McGinley *	7
Oliver Daniels <sup>3</sup>	7	Páidí Ó Sé *	4
Dominic Dillane	7	Catherine Reilly	5
Brian Dowling *	4	Eithne Scott-Lennon	6
Kevin Dundon <sup>4</sup>	2		

### Tabhair ar Aird

- 1 Ceapadh Susan Bergin an 17 Samhain 2010
  - 2 Ceapadh Mary Coveney an 3 Meán Fómhair 2010
  - 3 Ceapadh Oliver Daniels an 22 Feabhra 2010
  - 4 Ceapadh Kevin Dundon an 3 Meán Fómhair 2010
  - 5 Ceapadh Marguerite Howley an 3 Meán Fómhair 2010
- \* Tháinig téarmaí oifige Maureen Cairnduff, Brian Dowling, Noel McGinley agus Pháidí Ó Sé chun críche an 27 Bealtaine 2010.

# Struchtúr Bainistíochta 2010

## Nollaig 2010



## Uimhreacha Turasóireacht Réamhráiteach agus na Coimisinéirí Ioncaim

		2006	2007	2008	2009	2010 (p)
An Bhreatain	Líon (000s)	3,821	3,776	3,579	3,031	2,706
	Ioncam (€mn)	1,372	1,387	1,348	1,035	946
Mórhír na hEorpa	Líon (000s)	2,252	2,577	2,561	2,327	1,985
	Ioncam (€mn)	1,355	1,404	1,517	1,180	1,033
<i>An Ghearmáin</i>	<i>Líon (000s)</i>	<i>417</i>	<i>436</i>	<i>456</i>	<i>408</i>	<i>368</i>
<i>An Fhrainc</i>	<i>Líon (000s)</i>	<i>360</i>	<i>394</i>	<i>412</i>	<i>390</i>	<i>332</i>
<i>An Iodáil</i>	<i>Líon (000s)</i>	<i>248</i>	<i>265</i>	<i>232</i>	<i>276</i>	<i>215</i>
<i>Tíortha ile san Eoraip</i>	<i>Líon (000s)</i>	<i>1,228</i>	<i>1,482</i>	<i>1,461</i>	<i>1,253</i>	<i>1,070</i>
Meiriceá Thuaidh	Líon (000s)	1,034	1,071	953	892	853
	Ioncam (€mn)	815	823	668	621	532
Tíortha Eile Thar Lear	Líon (000s)	310	316	343	306	322
	Ioncam (€mn)	267	329	316	279	233
<b>IOMLÁN Ó THAR LEAR</b>	<b>Líon (000s)</b>	<b>7,417</b>	<b>7,739</b>	<b>7,436</b>	<b>6,555</b>	<b>5,865</b>
	<b>Ioncam (€mn)</b>	<b>3,809</b>	<b>3,944</b>	<b>3,849</b>	<b>3,115</b>	<b>2,744</b>
<b>MALAIRT CHOIGRÍCHE <sup>1</sup></b>	<b>(€mn)</b>	<b>4,692</b>	<b>4,902</b>	<b>4,781</b>	<b>3,879</b>	<b>3,412</b>
Turas Baile	Líon (000s)	7,310	7,942	8,339	8,340	8,000
	Ioncam (€mn)	1,375	1,551	1,546	1,390	1,251
<b>IONCAM TURASÓIREACHTA IOMLÁN</b>	<b>(€mn)</b>	<b>6,067</b>	<b>6,453</b>	<b>6,327</b>	<b>5,269</b>	<b>4,663</b>

24 Iúil, 2011

Tá réamh-mheastacháin faoi réir athraithe

<sup>1</sup> Lena n-áirítear Tuaisceart Éireann, admhálacha t-íompróir agus cuairteanna lá céanna.



## Ráiteas Éifeachtúlachta Fuinnimh

### Forléargas ar Úsáid Fuinneamh i 2010

Tá réimse leathan freagrachta ar Fáilte Ireland mar Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta agus mar thoradh air sin tá an t-éileamh agus úsáid fuinneamh an-éagsúil; agus clúdaíonn na réimsí sin cistineacha atá i mbun táirgeachta iomlán sa 3 Ionad Oiliúna, d'fhuinneamh a sholáthar inár n-oifigí; solas, teas, aerchóiriú, uisce te agus trealamh oifige i 54 Ionad de Chuid Discover Ireland/Oifig Eolais Turasóireachta (tá 29 acu sin séasúrach) 5 Cheanncheathrú Réigiúnach agus an Ardoifig i mBaile Átha Cliath.

Bhain Fáilte Ireland úsáid as 3,536 MWh d'fhuinnimh sa bhliain 2010, bhí sé sin comhdhéanta de:

- 2,220 MWh leictreachais;
- 1,316 MWh de bhreoslaí iontaise, lena n-áirítear 1,160 MWh gás nádúrtha, 148 MWh ola gáis agus 8 MWh Gás Leachtach Peitriam

### Gníomhartha a tugadh fúthu i 2010

Thug Fáilte Ireland roimh raon tionscnamh le feabhas a chur ar fheidhmíocht fuinnimh, ar an gceann ba mhó acu sin bhí:

- Rinne an Rannán ICT comhdhlúthú ar 12 freastalaí fisiciúil go timpeallacht fóirúil, meastar gur ionann díchoimisiúnú gach aon cheann de na freastalaithe fisiciúla sin i spáráil CO<sub>2</sub> agus 1 charr amháin a bheith tógtha den bhóthar ar feadh bliana. Meastar gur ionann spáráil fuinnimh ón tionscadal sin agus spáráil leictreachais de 42 MWh ar bhonn bliantúil
- Bhí ar a gcumas spáráil mheasta de 75 MWh a bhaint amach i mbreoslaí iontaise ar bhonn bliantúil mar thoradh ar cheanncheathrú réigiúnach Oifig Bhord Fáilte Thoir Theas a bhogadh go foirgneamh a bhí níos éifeachtaí ar fhuinneamh. Mar go bhfuil téamh an fhoirgnimh anois bunaithe ar leictreachas; agus comparáid á dhéanamh ar thréimhsí 6 mhí b'ionann an t-ardú ar an leictreachas a ceannaíodh idir foirgnimh amháin agus foirgneamh eile agus 6 MWh, rud a fhágann spáráil fuinneamh teilgthe foriomlán bliantúil de 63 MWh.

### Gníomhartha atá pleanáilte do 2011

Tá súil ag Fáilte Ireland feabhas a chur ar fheidhmíocht fuinnimh sa bhliain 2011 trí thabhairt faoi na tionscnaimh seo a leanas:

- Feidhmeoidh an Rannán ICT seirbhís monatóireachta ar úsáid cumhachta do na PCanna agus na ríomhairí glúine inár nArdoifig i mBaile Átha Cliath. Tá sé pleanáilte leathadh amach a dhéanamh ar rialuithe spáráil cumhachta i mí an Mheithimh 2011, beidh eolas ar fáil maidir leis an spáráil 60 lá i ndiaidh an fheidhmíthe.
- Laghdóimid líon na bprintéirí atá á n-úsáid san Ardoifig i mBaile ó 14 go 8, trí athrú a dhéanamh ar an rogha printéara ó phrintéirí léasair go fótachóipeálaí gréasánach, agus táimid ag súil go gcuirfidh sé sin spáráil leictreachais de 2.5 MWh ar fáil ar bhonn bliantúil
- Tá sé pleanáilte na soilse ar fad a chasadh as taobh amuigh dár bhfoirgneamh ag Sráid Amiens tar éis dúnadh na hoifige gach lá (ar an gcoinníoll nach n-eascaíonn aon saincheisteanna slándála nó sábháilteachta), meastar go mbeidh spáráil leictreachais de 19 MWh ar bhonn bliantúil mar thoradh air sin;
- Cinnteoidh ceanglas AE (EC Reg. 2037/2000) a chuirfidh aonaid atá neamhdhíobhálach don chomhshaol in áit aonaid aerchóirithe R22 faoin mbliain 2014 go dtiocfaidh laghdú ar úsáid fuinneamh leictreachais Fáilte Ireland mar go mbeidh na haonaid athsholáthraithe (m.sh. aonaid R410A) 10% níos éifeachtaí ar fhuinneamh. Déanfar athsholáthar ar na haonaid R22 atá ann cheana de réir a chéile idir 2011 go 2014. Ní féidir spáráil MWh a mheas go cinnte mar go bhfuiltear ag brath ar an úsáid aerchóirithe
- Suiteáil calraitheoir le huisce te a chur ar fáil agus uasghrádú a dhéanamh ar an dóire don choire inár n-oifig i mBaile Átha Cliath; measaimid go mbainfear amach spáráil fuinneamh de 2-3% ar ghiniúint uisce te, agus spáráil de 5% ar theas; spáráil de 13 - 33 MWh ar ghás nádúrtha ar bhonn bliantúil.





# Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite

Don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2010



## Ráiteas ar Freagrachtaí an Údaráis

Éilíonn Alt 27 den Acht um Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta 2003 ar an Údarás ráitis airgeadais a ullmhú ar bhealach a cheadóidh an tAire le toiliú an Aire Airgeadais. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, éilítear ar an Údarás:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a fheidhmiú ar bhonn seasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh a bhíonn réasúnach agus ciallmhar;
- ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh mura mbíonn sé mí-oiriúnach
- aon imeachtaí ábhartha ó chaighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an tÚdarás freagrach as leabhair chuntais chuí a choinneáil a léiríonn le cruinneas réasúnach ag aon tráth staid airgeadais an Údaráis agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na Ráitis Airgeadais Alt 27 den Acht.

Tá an tÚdarás freagrach chomh maith as sócmhainní Fáilte Ireland a chosaint agus as céimeanna réasúnacha a ghlacadh le cosc a chur ar chalaouis agus ar neamhrialtachtaí agus iad a aimsiú.



# Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le cur i láthair Thithe an Oireachtais

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais an Údaráis Náisiúnta Forbartha Turasóireachta don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2010 faoin Acht um Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta 2003. Tá na ráitis airgeadais, a hullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis, comhdhéanta de na Beartais Chuntasaíochta, Cuntas loncaim agus Caiteachais an Ghrúpa, Ráiteas Gnóthachain agus Cailteanais Aitheanta Iomlán an Ghrúpa, Clár Comhardaithe an Ghrúpa, Clár Comhardaithe an Údaráis, Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid an Ghrúpa agus na nótaí gaolmhara. Is é an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm agus na cuntais á n-ullmhú ná dlí infheidhme agus Cleachtas Cuntasaíochta a Ghlactar go Ginearálta leis in Éirinn.

Tá an tÚdarás freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugann siad léargas fíor agus cothrom ar staid ghnóthaí an Údaráis ar a ioncam agus caiteachas agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

Is é an fhreagracht atá orm iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisc a thabhairt orthu de réir dlí infheidhme.

Déanaim m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do bhreithnuithe speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíochta agus lena n-oibríocht. Déanaim m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchadh (An Ríocht Aontaithe agus Éire) agus ag cloí le Caighdeán Eiticíúla d'Iniúcháirí de chuid an Bhoird Chleachtas Iniúchta ag an am céanna.

I rith iniúchta, ní mór fianaise a fháil faoi na suimeanna agus na nochtáí sna ráitis airgeadais, fianaise leordhóthanach a thabharfadh deimhniú réasúnta go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhírítis ábhartha, cibé ar calaois nó earráid is cúis leo. Áirítear air sin measúnú ar na nithe seo a leanas:

- cibé an bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach d'imthosca an Údaráis agus ar cuireadh i bhfeidhm go comhleanúnach iad agus ar nochtadh ar shlí leordhóthanach iad. réasúnacht na mórmheastachán cuntasaíochta a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus

- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais. Lorgáim fianaise chomh maith faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta.

Chomh maith leis sin, léigh mé an t-eolas airgeadais agus neamhairgeadais ar fad sa tuarascáil bhliantúil chun neamhréireachtaí ábhair maidir leis na ráitis airgeadais a bhfuil iniúchadh déanta orthu a aithint. Má thugaim aon mhíríteas nó neamhréireachtaí ábhair dhealraitheacha faoi deara, breithním na tionchair a bheidh acu sin ar mo thuarascáil.

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais, a hullmhaíodh go cuí de réir Chleachtas Cuntasaíochta a Ghlactar go Ginearálta leis in Éirinn, léargas fíor agus cothrom ar riocht ghnóthaí an Bhoird agus an Údaráis amhail an 31 Nollaig 2010 agus ar ioncam agus ar chaiteachas an Ghrúpa don bhliain dar críoch sin. Is é mo thuairim go bhfuil leabhair chuntais chúil á gcoimeád ag an Údarás. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Tuairiscím trí eisceacht

- mura bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a bhí riachtanach don iniúchadh faighte agam, nóle linn m'iniúchadh má tháinig aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe chun cinn nó sa chás nach leanann na hidirbhearta do na húdaráis a rialaíonn iad.

- mura dtagann an t-eolas atá i dTuarascáil Bhliantúil an Údaráis don bhliain inár ullmhaíodh na ráitis airgeadais leis na ráitis airgeadais, nó

- mura léiríonn an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais gur chomhlíon an tÚdarás an Cód Cleachtas do Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó

- má fhaighim amach go bhfuil fadhbanna ábhartha eile a bhaineann leis an mbealach a rinneadh gnó poiblí.

Níl aon ní le tuairisciú agam maidir leis na cúrsaí sin a dhéantar a thuairisciú trí eisceacht.

**John Buckley**  
An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste  
Meitheamh 2011

## Ráiteas Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh

Thar ceann an Údaráis aithním ár bhfreagracht a chinntiú go gcoimeádtar agus go bhfeidhmítear córas rialaithe airgeadais inmheánaigh éifeachtach. Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnach, agus ní dearbhú iomlán a sholáthar go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaráítear idirbhearta agus go dtaifeadtar i gceart iad, agus go seachnaítear earráidí ábhartha nó neamhrialtachtaí nó go n-aimsítear iad laistigh de thréimhse tráthúil.

Tá céimeanna glactha ag an Údarás lena chinntiú go mbeidh timpeallacht rialaithe chúí i bhfeidhm trí:

- fhreagrachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir
- nósanna imeachta foirmiúla a bhunú le teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus lena chinntiú go nglacfar gníomh ceartaitheach iomchuí.

Glacadh le próiseas foirmiúil chun riosca gnó a aithint, a mheas, a mhaolú agus a bhainistiú agus áirítear leis:

- rioscaí agus cineál rioscaí a aithint
- dóchúlacht tarlaithe
- na himpleachtaí airgeadais nó eile
- na fachtóirí maolaithe
- pleananna chun na rioscaí aitheanta a bhainistiú
- monatóireacht agus tuairisciú ar an bpróiseas

Tá an córas rialaithe airgeadais inmheánaigh bunaithe ar chreat oibre eolais bainistíochta rialta, ar nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear dualgais a roinnt, agus ar chóras toscaireachta agus cuntasafóchta. Áirítear leis go háirithe:

- Pleananna straitéiseacha agus buiséid bhliantúla ceadaithe ag an Údarás.
- Tuarascálacha buiséid ardleibhéal a dhéanann athbhreithniú ar fheidhmíocht in aghaidh buiséid a ndéanann an tÚdarás athbhreithniú orthu ag gach cruinniú
- Coiste Polasaí Airgeadais ar a bhfuil an Príomhfheidhmeannach agus Stiúrthóirí chomh maith leis an gCeann Airgeadais, a thagann le chéile go míosúil le hiniúchadh a dhéanamh ar fheidhmíocht in aghaidh buiséid agus ar shaincheisteanna airgeadais a mbíonn tionchar acu ar an eagraíocht.


- Feidhm Iniúchta Inmheánaigh a dhéanann monatóireacht ar chomhlíonadh polasaithe agus nósanna imeachta agus éifeachtúlacht rialaithe inmheánacha laistigh den eagraíocht Déanann an tIniúchóir Inmheánach tuairisciú chuig Cathaoirleach an Choiste Iniúchta agus Polasaí Riosca.
- Feidhm Bainistiú Riosca feidhmíochta a dhéanann monatóireacht ar dhul chun cinn na heagraíochta maidir le riosca aitheanta sa Chlár Riosca agus a thuairiscíonn chuig an bhfeidhmeannas
- Coiste Iniúchta agus Polasaí Riosca ar a bhfuil triúr stiúrthóirí neamh-fheidhmíocháin agus a thagann le chéile thart ar cheithre huair sa bhliain chun athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascálacha an Iniúcháir Inmheánaigh agus ar an gClár Riosca, agus a thuairiscíonn chuig an Údarás.

Is é an tIniúchóir Inmheánach, an Coiste Iniúchta agus Polasaí Riosca a dhéanann maoirseacht ar obair an Iniúcháir Inmheánaigh agus na bainisteoirí feidhmeannacha laistigh de Fáilte Ireland atá freagrach as an gcreat oibre rialaithe airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil, a threoraíonn monatóireacht agus athbhreithniú an Údaráis ar éifeachtúlacht an chórais airgeadais inmheánaigh.

Thuairiscigh fochuideachta calaois inmheánach a aithníodh i 2010 agus a raibh cailleanas de €14,000, mar thoradh air.

Chuir an fochuideachta tuarascáil ar fáil d'Fáilte Ireland maidir leis an ábhar a thug mionsonraí ar an imscrúdú a rinneadh agus ar an ngníomh a tógadh in aghaidh an fhostaí a bhí i gceist. Treisíodh na rialuithe sa réimse sin agus tugadh tuairisc maidir leis an ábhar do na Gardaí.

Deimhním, maidir leis an bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010, go ndearna an tÚdarás athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh.



**Redmond O'Donoghue,**  
Cathaoirleach

## Beartais Chuntasaíochta

### COINBHINSIÚN CUNTASAÍOCHTA

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe ar bhonn fabhráithe faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil seachas Deontais Oireachtais - agus de réir phrionsabail chuntasaíochta a nglactar go ginearálta leo. Glactar le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais atá molta ag na comhlachtaí cuntasaíochta aitheanta de réir mar is infheidhme dóibh.

Tá na ráitis airgeadais chomhdhlúite comhdhéanta de ráitis airgeadais an Údaráis Náisiúnta Forbartha Turasóireachta agus a fochuideachta Dublin Regional Tourism Organisation Ltd déanta go dtí críocha tréimhsí comhionann.

### DEONTAIS OIREACHTAIS

Is léiriú iad na deontais sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais ar na suimeanna a fuarthas i leith na tréimhse sin.

### DEONTAIS INÍOCHTA

Aithnítear caiteachas deontais sa tréimhse ina ndéanann an faighteoir an ghníomhaíocht deontais a chruthaíonn teidlíocht don tacaíocht deontais agus a chomhlíonann coinníollacha sonraithe an deontais.

### AIRGEADRA COIGRÍCHE

Déantar idirbhearta a ainmnítear in airgeadra coigríche a iompú ina euro ag ráta caighdeánach comhaontaithe don bhliain. Déantar gnóthachain agus cailleanais malartaithe réadaithe ar idirbhearta a socraíodh i rith na bliana a

chur san áireamh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain.

Déantar sócmhainní agus dlíteanais airgid a bhíonn ainmnithe in airgeadra coigríche a iompú ina euro ag rátaí malartaithe a bhíonn i bhfeidhm ag dáta an chláir chomhardaithe agus áirítear gnóthachain agus cailleanas a eascraíonn mar gheall air i gCuntas Ioncaim agus Caiteachas na bliana.

### SÓCMHAINNÍ SEASTA INLÁIMHSITHE AGUS DÍMHEAS

Luaitear sócmhainní seasta inlámhsithe ag costas lúide dímhias carntha. Ríomhtar dímhias, gearrtha ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais, chun costas sócmhainní seasta thar a saol úsáideach measta a dhíscríobh ag na rátaí bliantúla atá leagtha amach thíos:

Talamh	0%	
Áitribh	2%	Líne dhíreach
Trealamh Ríomhaireachta	33¼%	Líne dhíreach
Troscán agus Feistis	20%	Líne dhíreach
Trealamh Oiliúna	20%	Líne dhíreach
Mótarfheithiclí	20%	Líne dhíreach

### SÓCMHAINNÍ INFHEISTÍOCHTA

Bíonn sócmhainní infheistíochta comhdhéanta de thalamh agus d'fhoirgnimh le luach taitneamhach amháin agus luaitear ag costas stairiúil iad.

### SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS

Áirítear gach sócmhainn airgeadais ag luach ainmniúil.

### LÉASANNA OIBRÍOCHTA

Déileáiltear le híocaíochtaí cíosanna faoi léasanna oibríochta sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais mar a thabhaítear iad

### CUNTAS CAIPITIL

Is ionann an Cuntas Caipitil agus an luach ioncaim neamhamúchta a úsáidtear chun críocha caipitil.

Déantar aistrithe idir cúlchistí ioncaim agus cúlchistí caipitil go bliantúil le léiriú gurb ionann maoiniú caipitil na heagraíochta, lena n-áirítear léasanna airgeadais, agus an glan-luach leabhair den sócmhainn seasta inlámhsithe.

# Beartais Chuntasaíochta

## FÉICHIÚNAITHE

